

2024 – 2029



RÉAMHRÁ AR

TOSCAIREACHTAÍ

PHARLAIMINT NA HEORPA

LEAGANACHA TEANGA

Tá an foilseachán seo ar fáil i mBéarla (bunleagan), Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Gaeilge, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóvacais, Slóivéinis, Spáinnis, Sualainnis agus Ungáiris.

MAIDIR LEIS AN bhFOILSITHEOIR

Údar an fhoilseacháin: Parlaimint na hEorpa

An Roinn atá freagrach:

An Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Sheachtracha an Aontais,

An tAonad Cumarsáide agus For-rochtana

dgexpo-communication@europarl.europa.eu

Scríbhinn arna tabhairt chun críche i mí Bealtaine 2024

© An tAontas Eorpach 2024 – Foinse: Parlaimint na hEorpa

Údaraítear athúsáid an doiciméid seo ar choinníoll go ndéantar an foinse a admháil, i gcomhréir le forálacha cóipchirt an [fhógra dhlíthiúil](#) a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa.



SÉANADH

Ullmhaíodh an doiciméad seo do na Feisirí agus d'fhoireann Pharlaimint na hEorpa, agus is orthu atá sé dírithe go príomha, ar mhaithe lena gcuid oibre parlaimintí.

Ní gá gur léiriú ar sheasamh oifigiúil Pharlaimint na hEorpa iad na tuairimí a nochtar sa doiciméad seo.

Focal fáilte

Toscaireachtaí Pharlaimint na hEorpa a thuiscint

- Cruinnithe idirpharlaiminteacha
- Plé sa Bhruiséil agus in Strasbourg
- Líon agus struchtúr na mbuantoscaireachtaí
- Comhdhéanamh
- Rialacha
- Caidreamh le coistí
- Ag díriú ar dhaonlathas agus ar chearta an duine
- Príomhshruthú inscne
- For-rochtain don tsochaí shibhialta agus do pháirtithe leasmhara neamhpharlaiminteacha

Cineálacha toscaireachtaí

- Na tionóil pharlaiminteacha
- Na coistí idirpharlaiminteacha
- Toscaireachtaí idirpharlaiminteacha eile

Comhdháil Chathaoirligh na dToscaireachtaí

- Comhdhéanamh agus Cathaoirleach
- Sceidealú
- Ról comhordúcháin

Seirbhísí tacaíochta do thoscaireachtaí

Liosta na dtoscaireachtaí uile

- an Áise agus an tAigéan Ciúin
- Ceanada agus na Stáit Aontaithe
- An Eoraip agus an Tuaisceart
- Meiriceá Laidineach agus an Mhuir Chairib
- An Mheánmhuir agus an Meánoirthear
- An Afraic Fho-Shahárach agus an Eagraíocht um Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin

Focal fáilte

A Fheisire, a chara,

Déanaimid comhghairdeas leat faoina bheith tofa chuig Parlaimint na hEorpa, agus cuirimid fáilte romhat. Táimid ag súil le tacaíocht a thabhairt duit in obair do thoscaireachta le linn an téarma reachtaigh nua seo!

Is dócha go mbeidh na blianta beaga amach romhainn cinntitheach maidir le todhchaí chaidreamh seachtrach an Aontais, ós rud é go bhfuil an tAontas ag athshainiú a áite i ndomhan atá ag éirí níos neamhordúla agus níos neamhshláine. Beidh ar an Aontas measúnú a dhéanamh ar a bheartais agus a ionstraimí sna réimsí eachtracha, slándála, cosanta, trádála agus forbartha, agus iad a athchalabhrú b'fhéidir, chun go mbeidh sé ina ghníomhaí domhanda éifeachtach sa timpeallacht gheopholaitiúil nua.

Beidh sé ríthábhachtach naisc le comhpháirtithe ar fud an domhain a threisiú agus a leathnú chun an t-ord domhanda riailbhunaithe a chaomhnú agus a chur chun cinn agus chun leasanna agus luachanna an Aontais a chosaint. Tá ról lárnach ag an taidhleoireacht pharlaiminteach maidir le caidrimh mharthanacha a chothú agus idirphlé beartais a chothú le parlaimintí agus le páirtithe leasmhara i dtíortha nach bhfuil san Aontas.

Tá tionchar suntasach ag an bParlaimint mar thiomántóir do bheartais sheachtracha AE nuair a oibríonn a comhlachtaí go léir le chéile ar bhealach comhleanúnach agus straitéiseach. Tá ríthábhacht ag baint le dlúthchomhar agus dlúth-chomhoibriú idir na coistí, na toscaireachtaí agus na tionóil idirpharlaiminteacha, agus na gníomhaithe eile go léir atá ag tacú leis an daonlathas.

Mar chomhalta toscaireachta, beidh tú ag rannchuidiú go gníomhach le Parlaimint na hEorpa a bheith ina spreagadh do bheartas eachtrach an Aontais. Agus sin á dhéanamh agat, beidh tú in ann brath ar thacaíocht iomlán ó na hoifigigh dheisce, agus ón bhfoireann agus ón mbainistíocht níos leithne inár nArd-Stiúrthóireacht.

Pietro Ducci

Ard-Stiúrthóir Bheartais Sheachtracha an Aontais

Toscaireachtaí Pharlaimint na hEorpa a thuiscint

Is buanchomhlachtaí Parlaiminte iad toscaireachtaí idirpharlaiminteacha ina bhfuil grúpaí Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ('na Feisirí'n nó 'FPEenna') a dhéanann an caidreamh le parlaimintí tíortha, réigiúin agus eagraíochtaí nach bhfuil in AE a chothabháil agus a dhoimhniú tuilleadh. Is ionstraimí taidhleoireachta agus grinnschrúdaithe pharlaimintigh iad na toscaireachtaí.

I bplé rialta le parlaiminteoirí ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad, bíonn an deis ag comhaltaí na toscaireachta a dtuairimí a roinnt maidir le saincheistean leasa choitinn, maidir le staid an chaidrimh le haon tír nó réigiún ar leith, a gcomhpháirtithe a chur ar an eolas faoi luachanna an Aontais, agus ag an am céanna, iad féin a chur ar an eolas faoi sheasaimh a ghlacann parlaimintí agus rialtais eile.

Is dlúthchuid í an taidhleoireacht pharlaiminteach den chaidreamh níos leithne atá ag an Aontas le tíortha nach bhfuil san Aontas.

Cruinnithe idirpharlaiminteacha

Eagraíonn toscaireachtaí cruinnithe idirpharlaiminteacha le hionadaithe tofa ó lasmuigh de AE.

Tionóltar na cruinnithe sin go tráthrialta de ghnáth, ag brath ar an gcineál tarmligin, agus bíonn siad ar siúl in ionaid mhalartacha: le haghaidh cruinniú amháin, taistealóidh FPEenna chuig parlaimint eile lasmuigh den Aontas, agus, don chéad cheann eile, óstálfadh toscaireacht Pharlaimint na hEorpa a haíonna in Strasbourg nó sa Bhruiséil.

Nuair a bhíonn cruinnithe idirpharlaiminteacha ar siúl lasmuigh den Aontas, áireofar sa chlár de ghnáth cruinnithe le hidirghabhálaithe sa rialtas agus sa tsochaí shibhialta, chomh maith le cruinnithe sa pharlaimint óstach. Is minic a thapaíonn na Feisirí an deis freisin chun cuairt a thabhairt ar thionscadail a fhaigheann cistiú ón Aontas.

Is gné de ghníomhaíochtaí tarmligin atá ag éirí níos tábhachtaí í an taidhleoireacht dhigiteach. Chomh maith le páirt a ghlacadh i gcruinnithe ar an láthair, bíonn teagmháil rialta ag na toscaireachtaí trí chruinnithe agus imeachtaí ar líne, agus is féidir leo freagairt go tapa d'imeachtaí atá ag teacht chun cinn agus do shaincheisteanna práinneacha laistigh den Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta nó i réigiúin chomhpháirtíochta.

Plé sa Bhruiséil agus in Strasbourg

Tionólaíonn na toscaireachtaí cruinnithe sa Bhruiséil agus in Strasbourg freisin, ina n-aonar nó le toscaireachtaí nó coistí eile, chun a dteagmhálacha idirpharlaiminteacha a phleanáil agus chun an staid i dtíortha a gcomhpháirtithe a phlé.

Tugann toscaireachtaí cuireadh go rialta d'aíonna seachtracha cur i láthair a dhéanamh agus tuairimí a mhalartú; áirítear orthu sin idirghabhálaithe ón gCoimisiún Eorpach, ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, ó na hambasáidí faoi seach, ón saol acadúil agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Líon agus struchtúr na mbuantoscaireachtaí

Féadfaidh líon, struchtúr agus comhdhéanamh na dtoscaireachtaí idirpharlaiminteacha a bheith éagsúil ó théarma amháin go téarma eile. Bhí 48 díobh 'buan' – nó 'buantoscaireacht' mar a thugaimid orthu – ag deireadh an téarma roimhe sin (2019–2024).

Tá roinnt cineálacha toscaireachtaí ann: toscaireachtaí idirpharlaiminteacha, toscaireachtaí chuig comhchoistí parlaiminteacha, toscaireachtaí chuig coistí um chomhar parlaiminteach agus toscaireachtaí chuig tionóil parlaiminteacha iltaobhacha.

Tráth ar bith, agus sa bhreis ar na cruinnithe idirpharlaiminteacha rialta, féadfaidh an Pharlaimint a chinneadh freisin toscaireachtaí *ad hoc*, i.e. grúpaí Feisirí arna gceapadh go hoifigiúil, a chur chuig tíortha nach bhfuil in AE mar fhreagairt ar fhorbairtí polaitiúla sonracha nó chun páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha nó in imeachtaí eile.

Comhdhéanamh

Bíonn an struchtúr céanna ar na toscaireachtaí ar fad: bíonn Cathaoirleach amháin agus beirt Leas-Chathaoirleach ann, a thoghann comhaltaí na toscaireachta.

Ainmníonn grúpaí polaitiúla na Parlaiminte comhaltaí ar fad na toscaireachta agus is léiriú é comhdhéanamh gach toscaireachta ar chóimheá pholaitiúil na Parlaiminte ina hiomláine.

Is comhalta de bhuantoscaireacht gach uile FPE. Is comhalta de níos mó ná buantoscaireacht amháin cuid acu.

Is iondúil gurb iad na toscaireachtaí is mó ná na toscaireachtaí a bhíonn rannpháirteach i dtionóil parlaiminteacha, ina dtionóltar roinnt parlaimintí.

Rialacha

Ní mór do na toscaireachtaí cloí le rialacha dochta a shainmhínítear i roinnt doiciméad agus cinntí oifigiúla.

Díríonn dhá cheann de Rialacha Nós Imeachta oifigiúla na Parlaiminte ar thoscaireachtaí agus tá feidhm ag go leor de na rialacha do choistí maidir le toscaireachtaí freisin.

Tá na rialacha is leithne do thoscaireachtaí i ndoiciméad oifigiúil dar teideal 'Forálacha cur chun feidhme lena rialaítear obair na dtoscaireachtaí agus misin lasmuigh den Aontas Eorpach'.

Leagtar amach aidhm ghinearálta thoscaireachtaí na Parlaiminte sa téacs sin: 'teagmhálacha le parlaimintí na Stát ar comhpháirtithe traidisiúnta iad de chuid an Aontais Eorpaigh a choinneáil agus a fheabhsú agus [...] na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe [...] a chur chun cinn'.

Cuirtear síos freisin sna forálacha ar an mbealach inar cheart do thoscaireachtaí na Parlaiminte meas a léiriú ar sheasaimh agus caighdeán na Parlaiminte.

Mínítear in airteagail eile cé hiad na FPEanna a bhfuil cead acu dul ar thurais lasmuigh de AE. Chun na costais a choinneáil íseal, cuirtear srian le líon na rannpháirtithe agus bíonn réamhchead ag teastáil i gcás gach turais.

Caidreamh le coistí

Tá trí choiste iomlána agus dhá fhochoiste ag an bParlaimint atá dírithe ar ghníomhaíochtaí lasmuigh de AE ('gníomh seachtrach '). Tá caidreamh pribhléideach ag na coistí sin leis na toscaireachtaí.

Coimeádann na coistí agus na toscaireachtaí a chéile ar an eolas faoina gcuid cruinnithe agus faoin bplé a bhíonn acu agus cuireann siad cuireadh chuig comhaltaí a chéile a bheith bainteach lena gcuid imeachtaí agus sainchúraimí, agus iad ag taisteal lasmuigh de AE freisin.

As na coistí éagsúla atá ann, tá an ról is tábhachtaí ag an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET) ó thaobh na dtoscaireachtaí de. Comhordaíonn AFET na toscaireachtaí agus soláthraíonn sé formhaoirsiú polaitiúil dóibh – ní hamháin do bhuantosaireachtaí, ach do na FPEanna ar fad a thaistealaíonn go tíortha lasmuigh de AE ar ghnó oifigiúil na Parlaiminte.

Déanann an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA) idirchaidreamh leis na toscaireachtaí ar fad nuair a bhaineann an clár le saincheisteanna eacnamaíocha nó trádála idirnáisiúnta.

comhordaíonn an Coiste um Fhorbairt (DEVE) na toscaireachtaí a thugann aghaidh ar shaincheisteanna forbartha.

Sula mbuailfidh aon toscaireacht le hionadaithe tofa ó lasmuigh de AE, féadfaidh na coistí na hábhair pholaitiúla a d'fhéadfaidís a phlé a mholadh, nó ar cheart dóibh a phlé. Tar éis an chruinnithe, tuairiscíonn Cathaoirleach na toscaireachta ar ais chuig na coistí ábhartha.

Ag díriú ar dhaonlathas agus ar chearta an duine

Bíonn an Grúpa Comhordaithe um Dhaonlathas agus Toghcháin (DEG) i bParlaimint na hEorpa páirteach san obair a bhíonn ar bun ag go leor toscaireachtaí. Déanann an comhlacht sin, faoi cheannas Chathaoirligh AFET agus DEVE, maoirseacht ar iarrachtaí na Parlaiminte an daonlathas agus cearta an duine a neartú lasmuigh de AE.

Is é ceann de na príomhghníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag an ngrúpa ná misin breathnóireachta toghchán a eagrú. Idir 10 n-uaire agus 12 uair sa bhliain, taistealaíonn FPEanna go tíortha lasmuigh de AE chun breathnú ar na próisis vótála. Cuireann an taithí atá acu mar ionadaithe tofa inchreidteacht pholaitiúil lena gcuid meastóireachtaí.

Tá sé mar aidhm ag tionscnaimh eile atá faoi mhaoirsiú DEG cabhrú le parlaimintí i dtíortha nach de AE iad éirí níos láidre agus a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

Príomhshruthú inscne

Ainmníonn gach toscaireacht duine dá comhaltaí chun bheith freagrach as príomhshruthú inscne in obair na toscaireachta.

For-rochtain don tsochaí sibhialta agus do pháirtithe leasmhara neamhpharlaiminteacha

Bíonn na toscaireachtaí i dteagmháil i gcónaí le gníomhaithe na sochaí sibhialta agus le geallsealbhóirí neamhpharlaiminteacha sa tír nó sa réigiún ina n-oibríonn siad. Is féidir malartuithe a dhéanamh in áiteanna oibre na Parlaiminte nó nuair a bhíonn an toscaireacht ar cuairt i dtír nach bhfuil san Aontas. I gcásanna áirithe, cuirtear sliotáin cruinnithe ar leith in áirithe chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga agus le mná.

Cineálacha toscaireachtaí

Bíonn na toscaireachtaí ar fad de chuid na Parlaiminte ag plé le parlaiminteoirí i dtíortha, i réigiúin agus in eagraíochtaí eile. Ach bíonn an chaoi agus an áit a mbuaileann siad le chéile ag brath ar cén cineál toscaireachta iad.

Na tionóil pharlaiminteacha

Bíonn grúpa toscaireachtaí amháin rannpháirteach i dtionóil pharlaiminteacha – cruinnithe foirmiúla rialta ina dtagann ionadaithe tofa ó roinnt parlaimintí le chéile. Níl i dtoscaireacht Pharlaimint na hEorpa ach ceann amháin de roinnt toscaireachtaí éagsúla a bhíonn i láthair ag na cruinnithe sin.

Is iondúil gurb í toscaireacht Pharlaimint na hEorpa an toscaireacht aonair is mó sa tionól agus gurb ionann líon na FPEanna agus thart ar leath de líon iomlán na dtoscairí atá i láthair. I roinn tionóil pharlaiminteacha, áfach, is mionlach iad ionadaithe Pharlaimint na hEorpa.

Is samplaí de thionóil pharlaiminteacha iad an Toscaireacht chun Tionól Parlaiminteach ECAT (Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, arb é DNAT an leagan giorraithe de), agus an Toscaireacht chun Tionól Parlaiminteach Eora-Mheiriceá Laidinigh (DLAT).

Na coistí idirpharlaiminteacha

Buaileann toscaireachtaí na Parlaiminte chun na gcoistí idirpharlaiminteacha lena gcomhghleacaithe i gcruinnithe foirmiúla rialta. Is coistí déthaobhacha an chuid is mó de na coistí idirpharlaiminteacha sin: is é a bhíonn iontu ná Parlaimint na hEorpa agus toscaireacht amháin eile, ó thír aonair go hiondúil.

Féadfar 'Coistí Parlaiminteacha Comhlachais', 'Coistí um Chomhar Parlaiminteach', 'Comhchoistí Parlaiminteacha' nó 'Coistí Parlaiminteacha Cobhsaíochta agus Comhlachais' a thabhairt ar choistí idirpharlaiminteacha, ag brath ar roinnt tosca.

Le comhaontuithe déthaobhacha idir AE agus tír chomhpháirtíochta nó réigiún comhpháirtíochta a bhunaítear na coistí sin ar fad. Cloítear le rialacha nós imeachta dochta sna cruinnithe.

I dtéarma 2019–2024, bhí 15 thoscaireacht ag an bParlaimint a ghlac páirt i 23 choiste idirpharlaiminteacha. Is samplaí iad an Toscaireacht chun Chomhchoiste Parlaiminteach AE–Mheicsiceo (D-MX) agus an Toscaireacht chun Choiste Parlaiminteach Comhlachais AE–na hÚcráine (D-UA).

Toscaireachtaí idirpharlaiminteacha eile

Díríonn an grúpa is mó toscaireachtaí ar an gcaidreamh le tír eile, nó uaireanta le grúpa tíortha.

Buaileann comhaltaí na dtoscaireachtaí sin lena gcomhreachtóirí i ngnáthchruinnithe idirpharlaiminteacha. Bíonn minicíocht na gcruinnithe sin ag brath ar sceidil an dá chomhpháirtí agus iad a bheith ar fáil. Níl a gcuid rialacha féin ag na cruinnithe sin, cé go gcloíonn siad leis na forálacha ginearálta maidir le toscaireachtaí a bhunaigh Parlaimint na hEorpa.

Tagann formhór thoscaireachtaí na Parlaiminte faoin gcatagóir seo de thoscaireachtaí idirpharlaiminteacha. Dhá shampla is ea an Toscaireacht don chaidreamh leis an tSeapáin (D-JP) agus an Toscaireacht don chaidreamh le Ceanada (D-CA).

Comhdháil Chathaoirligh na dToscaireachtaí

Is í Comhdháil Chathaoirligh na dToscaireachtaí (CDC) an comhlacht polaitiúil i bParlaimint na hEorpa a chomhordaíonn obair bhuantosaireachtaí na Parlaiminte.

Cinntíonn an Chomhdháil go mbíonn na toscaireachtaí ag obair go héifeachtúil agus i gcomhar le struchtúir eile na Parlaiminte. Trí na cruinnithe rialta a bhíonn aici cuirtear fóram ar fáil chun na saincheisteanna céanna agus na dúshláin chéanna atá ag dó na geirbe ag na toscaireachtaí a phlé.

Comhdhéanamh agus Cathaoirleach

Is iad comhaltaí Chomhdháil Chathaoirligh na dToscaireachtaí Cathaoirligh ná 48 mbuantoscaireacht na Parlaiminte agus na dtrí choiste a bhíonn ag plé leis an gcaidreamh idirnáisiúnta: na Coistí um Ghnóthaí Eachtracha (AFET), um Fhorbairt (DEVE) agus um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA).

Toghtar duine amháin de na 48 gCathaoirleach ar na toscaireachtaí ina Chathaoirleach ar an gComhdháil. Sealbhaíonn siad an post ar feadh ré an téarma pharlaimintigh.

Sceidealú

Is iondúil go reáchtáiltear cruinnithe de Chomhdháil Chathaoirligh na dToscaireachtaí ar an gCéadaoin le linn sheisiúin Strasbourg.

Dhá uair sa bhliain, glacann CDC féilire sé mhí de chruinnithe na dtoscaireachtaí a bheidh le formheas ina dhiaidh sin ag Comhdháil na nUachtarán sa Pharlaimint. Téitear i gcomhairle le AFET, INTA agus DEVE le linn an phróisis sin.

Agus an sceideal á dhréachtú aici, oibríonn an Chomhdháil i gcomhar le comhlacht polaitiúil comhthreomhar a dhéanann maoirseacht ar obair na gcoistí, is í sin Comhdháil Chathaoirligh na gCoistí. Le chéile, fíoraíonn siad go gcomhlánaíonn sceidil na dtoscaireachtaí agus na gcoistí a chéile agus go bhfuil siad ag teacht le féilire ginearálta na Parlaiminte.

Cuirtear i gcuntas freisin na gníomhaíochtaí atá ar na bacáin a bhfuil sé mar aidhm acu tacú leis an daonlathas agus cearta an duine lasmuigh de AE.

Tá Comhdháil na nUachtarán sa Pharlaimint, atá comhdhéanta d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus de Chathaoirligh na ngrúpaí polaitiúla, freagrach as féilire deiridh sé mhí chruinnithe na dtoscaireachtaí a fhormheas.

Ról comhordúcháin

Déanann Comhdháil Chathaoirligh na dToscaireachtaí comhordú le comhlachtaí polaitiúla eile sa Pharlaimint maidir le roinnt saincheistanna sa bhreis ar an bhféilire.

Cuireann sí moltaí maidir le hobair na dtoscaireachtaí faoi bhráid Chomhdháil na nUachtarán.

Uaireanta, iarrann Biúró na Parlaiminte, atá comhdhéanta d'Uachtarán agus de Leas-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, ar Chomhdháil Chathaoirligh na dToscaireachtaí cúraimí áirithe a chur i gcrích.

Cuireann an Chomhdháil dea-chleachtais chun cinn san obair a dhéanann na comhlachtaí éagsúla sin agus trí chineálacha coiteanna cur chuige agus treoirlínte coiteanna maidir le gníomhaíochtaí na dtoscaireachtaí a ghlacadh.

Trí bheith ag obair leis na coistí freisin, cinntíonn CDC freisin go mbíonn coistí agus toscaireachtaí na Parlaiminte ailínithe i gcónaí. Mar thoradh air sin, neartaítear an méid a rannchuidíonn an Pharlaimint le beartas eachtrach AE.

Seirbhísí tacaíochta do thoscaireachtaí

Faigheann gach toscaireacht cúnamh ó rúnaíocht, ina mbíonn, de ghnáth, oifigeach deisce amháin ar a laghad, a chumhdaíonn an tír nó an réigiún atá i gceist, agus cúntóir, a bhfuil freagracht acu i leith na n-ábhar riaracháin agus lóistíochta uile chun gníomhaíochtaí na toscaireachta sin a éascú.

Faigheann an rúnaíocht treoir ón gCathaoirleach agus ó na Leas-Chathaoirligh maidir leis na tosaíochtaí d'obair na toscaireachta, tar éis do chomhaltaí na toscaireachta iad sin a phlé.

Leanann an rúnaíocht treoir ón gCathaoirleach agus ó chomhaltaí na toscaireachta maidir le sceidealú cruinnithe rialta, uainiú agus ionaid cruinnithe idirpharlaiminteacha, agus na saincheistanna atá le cur san áireamh i ndrúchtchláir oibre.

Soláthraítear faisnéis chúlra do chomhaltaí na toscaireachta roimh gach cruinniú rialta, ach níos tábhachtaí fós, mar ullmhúchán do gach cruinniú idirpharlaiminteach le parlaimint de chuid tíre nach tír den Aontas Eorpach í. Úsáidtear cruinnithe rialta na dtoscaireachtaí sa Bhruiséil nó in Strasbourg chun na Feisirí a chur ar an eolas faoi staid an chaidrimh le tír nó réigiún ar leith, roimh chuairt oifigiúil nó cruinniú idirpharlaiminteach. Is foinse thábhachtach saineolais agus faisnéise cúlra é an t-oifigeach deisce ábhartha maidir leis an tír nó an réigiún as a bhfuil siad freagrach. Is féidir leis an oifigeach deisce comhairle a thabhairt freisin maidir le rialacha inmheánacha agus ceistanna nós imeachta.

Táthar ag súil go gcuirfidh an rúnaíocht gníomhaíochtaí na dtoscaireachtaí chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha ábhartha (lena n-áirítear na Rialacha Nós Imeachta agus na forálacha cur chun feidhme maidir le hobair na dtoscaireachtaí). Bíonn tionchar ag na rialacha sin, mar shampla, ar uainiú féideartha cruinnithe, ar sceidealú cruinnithe idirpharlaiminteacha, agus ar infhaighteacht aistriúcháin agus ateangaireachta.

Chomh maith leis an gcúnamh a sholáthraítear don toscaireacht mar bhuanchomhlacht de chuid na Parlaiminte, tá an deis ag Feisirí aonair faisnéis shonrach a iarraidh an Stiúrthóireacht um Sheirbhís Taighde na bhFeisirí san Ard-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Parlaimintigh (EPRS). Is féidir leis na Feisirí nótaí faisnéise sonracha a iarraidh maidir le haon réimse beartais atá clúdaithe ag AE, lena n-áirítear anailís agus taighde a bhaineann leis an tír nó leis an réigiún atá clúdaithe ag an toscaireacht faoi seach.

Agus ar deireadh, tá cúig oifig idirchaidrimh bunaithe ag an bParlaimint lasmuigh den Aontas (i Londain agus in Washington DC, agus ag na Náisiúin Aontaithe i Nua-

Eabhrac, Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) in Iacárta agus an tAontas Afracach in Addis Ababa). Déanann na hionadaíochtaí sin feidhmeanna idirchaidrimh leis na parlaimintí agus na tionóil pharlaiminteacha faoi seach agus téann siad i mbun idirphlé le reachtóirí, le hoifigigh agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta. Is féidir leo a bheith ina bhfoinse bhreise faisnéise agus cúnaimh d’Fheisirí ina ngníomhaíochtaí. I dtéarma 2024–2029, osclófar tuilleadh oifigí idirchaidrimh nó aeróga seachtracha i Meiriceá Laidineach, sna Balcáin Thiar agus san Úcráin.

Liosta na dtoscaireachtaí uile

an Áise agus an tAigéan Ciúin

D-AF	An Toscaireacht don chaidreamh leis an Afganastáin
DANZ	An Toscaireacht don chaidreamh leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn
DASE	An Toscaireacht don chaidreamh le Tíortha na hÁise Thoir Theas agus le Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN)
DCAS	An Toscaireacht chun na gCoistí um Chomhar Parlaiminteach idir AE agus an Chasacstáin, idir AE agus an Chirgeastáin agus idir AE agus an Úisbéiceastáin agus idir AE agus an Táidsíceastáin, agus don chaidreamh leis an Tuircméanastáin agus leis an Mongóil
D-CN	An Toscaireacht don chaidreamh le Daon-Phoblacht na Síne
D-IN	An Toscaireacht don chaidreamh leis an India
D-JP	An Toscaireacht don chaidreamh leis an tSeapáin
DKOR	An Toscaireacht don chaidreamh le Leithinis na Cóiré
DSAS	An Toscaireacht don chaidreamh le Tíortha na hÁise Theas

Ceanada agus na Stáit Aontaithe

D-CA	An Toscaireacht don chaidreamh le Ceanada
DNAT	An Toscaireacht don chaidreamh le Tionól Parlaiminteach ECAT
D-US	An Toscaireacht don chaidreamh leis na Stáit Aontaithe

An Eoraip agus an Tuaisceart

<u>D-AL</u>	An Toscaireacht chun an Choiste Pharlaimintigh Cobhsaíochta agus Comhlachais idir AE agus an Albáin
<u>D-BY</u>	An Toscaireacht don chaidreamh leis an mBealarúis
<u>DEEA</u>	An Toscaireacht don chomhar ó Thuaidh agus don chaidreamh leis an Eilvéis agus leis an Iorua, agus chun an Chomhchoiste Pharlaimintigh idir AE agus an Íoslainn agus chun Comhchoiste Parlaiminteach an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)
<u>DEPA</u>	An Toscaireacht chun Tionól Parlaiminteach Euronest
<u>D-MD</u>	An Toscaireacht chun an Choiste Pharlaimintigh Comhlachais idir AE agus an Mholdóiv
<u>D-ME</u>	An Toscaireacht chun an Choiste Pharlaimintigh Cobhsaíochta agus Comhlachais idir AE agus Montainéagró
<u>D-MK</u>	An Toscaireacht chun an Chomhchoiste Pharlaimintigh idir AE agus an Mhacadóin Thuaidh
<u>D-RS</u>	An Toscaireacht chun an Choiste Pharlaimintigh Cobhsaíochta agus Comhlachais idir AE agus an tSeirbia
<u>D-RU</u>	An Toscaireacht chun an Choiste um Chomhar Parlaiminteach idir AE agus Rúis
<u>DSCA</u>	An Toscaireacht chun an Choiste Pharlaimintigh Comhpháirtíochta idir AE agus an Airméin, chun an Choiste um Chomhar Parlaiminteach idir AE agus an Asarbaiseáin agus chun an Choiste Pharlaimintigh Comhlachais idir AE agus an tSeoirsia
<u>DSEE</u>	An Toscaireacht don chaidreamh leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus leis an gCosaiv
<u>D-TR</u>	An Toscaireacht chun an Chomhchoiste Pharlaimintigh idir AE agus an Tuirc
<u>D-UA</u>	An Toscaireacht chun an Choiste Pharlaimintigh Comhlachais idir AE agus an Úcráin
<u>D-UK</u>	An Toscaireacht chuig Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta AE agus na Ríochta Aontaithe

Meiriceá Laidineach agus an Mhuir Chairib

<u>DAND</u>	An Toscaireacht don chaidreamh le tíortha Chomhphobal na nAindéas
<u>D-BR</u>	An Toscaireacht don chaidreamh le Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle
<u>DCAM</u>	An Toscaireacht don chaidreamh le Tíortha Mheiriceá Láir
<u>DCAR</u>	An Toscaireacht chun an Choiste Pharlaimintigh idir CARIFORUM agus AE:
<u>D-CL</u>	An Toscaireacht chun an Chomhchoiste Pharlaimintigh idir AE agus an tSile
<u>DLAT</u>	An Toscaireacht chun an Tionóil Pharlaimintigh idir an Eoraip agus Meiriceá Laidineach
<u>DMER</u>	An Toscaireacht don chaidreamh le Mercosur
<u>D-MX</u>	An Toscaireacht chun an Chomhchoiste Pharlaimintigh idir AE agus Meicsiceo

An Mheánmhuir agus an Meánoirthear

<u>DARP</u>	An Toscaireacht don chaidreamh le Leithinis na hAraibe
<u>D-IL</u>	An Toscaireacht don chaidreamh le hIosrael
<u>D-IQ</u>	An Toscaireacht don chaidreamh leis an Iaráic
<u>D-IR</u>	An Toscaireacht don chaidreamh leis an Iaráin
<u>DMAG</u>	An Toscaireacht don chaidreamh le tíortha na Magraibe agus le hAontas na Magraibe Arabaí, lena n-áirítear comhchoistí parlaiminteacha idir AE agus Maracó, idir AE agus an Túinéis, agus idir AE agus an Ailgéir
<u>DMAS</u>	An Toscaireacht don chaidreamh le Tíortha na Maisreice
<u>DMED</u>	An Toscaireacht chun Tionól Parlaiminteach an Aontais don Réigiún Meánmhuirí
<u>DPAL</u>	An Toscaireacht don chaidreamh leis an bPalaistín

An Afraic Fho-Shahárach agus an Eagraíocht um Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin

[DACP](#)

An Toscaireacht chun Comhthionóil Pharlaimintigh
ESACC-AE

[DAFR](#)

Toscaireacht chun Tionól Parlaiminteach AE-an Afraic

[DCAB](#)

An Toscaireacht chun Tionól Parlaiminteach AE agus an
Chairib

[DPAC](#)

An Toscaireacht chun Tionól Parlaiminteach AE agus an
tAigéan Ciúin

[DPAP](#)

An Toscaireacht don chaidreamh leis an bParlaimint
Phan-Afracach

[D-ZA](#)

An Toscaireacht don chaidreamh leis an Afraic Theas